# 6 Moill ar tháillí abhcóide a bheith a n-íoc ag Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

**6.1** Cuireann Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit (OPAS) seirbhísí dlíthíochta, comhairleacha agus tíolactha ar fáil do ranna agus oifigí rialtais agus do ghníomhaireachtaí áirithe eile de chuid an Stáit. Cuireann OPAS seirbhísí aturnae ar fáil freisin ag binsí fiosrúcháin agus coimisiúin imscrúdúcháin agus déanann sé ionadaíocht d'Éirinn ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Cé gur comhchuid é OPAS d'Oifig an Ard-Aighne ó thaobh cúrsaí eagraíochta de, cistítear é trína vóta féin (Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit).


**6.2** Freagraíonn OPAS d'éilimh chomhlachtaí a chuid cliant ar sheirbhísí dlí faoi mar a theastaíonn. Is gnách go n-íocann OPAS as costais a bhaineann leis na seirbhísí siúd agus gearrtar iad ar an vóta, agus ní dhéanann comhlacht an chliaint iad a fhorchúiteamh.[1] Íocann comhlacht an chliaint a bhíonn i gceist as dámhachtainí cúirte, áfach, in aghaidh chomhlacht an chliaint, nó as speansais socraíochta cáis.

**6.3** Baineann OPAS úsáid fhorleathan as seirbhísí abhcóide chun go leor de na cásanna dlí a láimhseálann sé a thabhairt chun cinn. Tháinig méadú ar íocaíochtaí táillí abhcóide maidir leis na seirbhísí siúd aníos ó beagán faoi bhun €10 milliún in 2014 go dtí beagán faoi bhun €20 milliún in 2019 (féach ar Fhíor 6.1). Tugadh an méadú ba mhó faoi deara in 2019 nuair a tháinig méadú nach mór 38% ar chaitheamh ar tháillí abhcóide.

**6.4** Cuireann an t-abhcóide éilimh mhiondealaithe ar tháillí (a dtugtar 'nótaí táille' orthu) faoi bhráid OPAS go tréimhsiúil.

**6.5** Tugtar faoi phróiseas mionsonraithe measúnaithe ar nótaí táille a fhaigheann OPAS. Tugtar faoi phróiseas faofa inmheánach ar na nótaí i dtosach a dhéanann scrúdú ar an leibhéal táillí a éilítear. I gcásanna áirithe, is féidir na nótaí táillí a atreorú chuig grúpa gairmiúil rialaithe táillí[2] agus chuig Oifig an Ard-Aighne lena bhfaomhadh. I gcásanna eisceachtúla, sa chás go sáraíonn na nótaí táille tairseacha áirithe, cuirtear faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad le cead deiridh a fháil.

**Figiúr 6.1 Caiteachas OPAS ar tháillí abhcóide agus ar gach earra eile (táille nach táille d'abhcóide í), ó 2014 go 2019**




Foinse: Cuntais Leithreasa Vóta 6, ó 2014 go 2019

1 Chomhaontaigh an Roinn Airgeadais in 2017, as an ngnáth, chun íoc as 50% (€462,000) de na táillí abhcóide a bhí le híoc i gcás *Apple*. D'íoc OPAS suim chomhionann a gearradh ar Vóta 6 in 2017.


2 Freastalaíonn an Príomh-Aturnae Stáit agus/nó roinnt príomhaturnaetha cúnta stáit ar chruinnithe an ghrúpa rialaithe táillí gairmiúla. Déanann an grúpa athbhreithniú ar nótaí táille a chuirtear faoina bhráid, anuas ar cháipéisíocht ghaolmhar, sula n-eisítear treoracha íocaíochta agus é mar chuspóir luach ar airgead, cothroime agus comhsheasmhacht a chinntiú. Déanann an grúpa athbhreithniú freisin ar tháillí atá iníoctha le cuntasóirí na gcostas dlí agus déanann sé cinntí faoi tháillí dlí áirithe atá iníoctha leis an Stát.

## Spriocanna íocaíochta táille

**6.6** Chomhaontaigh OPAS leis an gComhairle Bharra chun íocaíochtaí a dhéanamh maidir le nótaí táille faoi dheireadh na ráithe i ndiaidh na ráithe a fhaightear iad. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé a fhaide le sé mhí a ghlacadh ar OPAS chun éileamh a réiteach, ag brath ar cathain a fhaightear an nóta táille, agus gan téarmaí an chomhaontaithe a bheith á sárú.

**6.7** Go praiticiúil, tá leibhéal suntasach riaráistí tagtha chun cinn maidir le táillí abhcóide a bheith á n-íoc ag OPAS (féach ar Fhíor 6.2).[1] Ba é luach iomlán na nótaí táille a bhí ar láimh ag deireadh 2014 thart ar €4.4 milliún. As seo, bhí breis agus 39% de seo dlite thar téarma lena íoc faoi théarmaí an chomhaontaithe leis an gComhairle Bharra . Bhí nótaí táille ar luach thart ar €12.2 milliún ar láimh ag deireadh 2018, agus bhí 56% den mhéid seo dlite thar téarma. Faoi dheireadh 2019 — i ndiaidh gur faomhadh meastachán forlíontach €5 milliún chun an meastachán tosaigh €13.5 milliún maidir le Vóta OPAS a bhreisiú — bhí laghdú tagtha ar na héilimh gan íoc anuas go dtí thart ar €9.1 milliún, arbh ionann sin agus beagnach an tríú cuid a bhí dlite thar téarma lena íoc.

**Fíor 6.2 Luach nótaí táille abhcóide ar láimh[a], agus an céatadán a bhí dlite thar téarma, ag deireadh na bliana 2014 go dtí 2019**




Foinse: OPAS

Nótaí: a Is ionann luach ar láimh agus oll-luach comhiomlán na nótaí táille a bhí ar láimh agus ag feitheamh le próiseáil íocaíochta ag deireadh mhí na Nollaig gach bliain. Is iad na nótaí táille atá dlite thar téarma iad siúd a fuarthas roimh an 30 Meán Fómhair sa bhliain ábhartha.

b Léirítear sa líne luach na nótaí táille atá dlite thar téarma mar chéatadán de na nótaí táille go léir a bhí ar láimh ag deireadh mhí na Nollag gach bliain.

1 Nochtar sa Chuntas Leithreasa do OPAS sonraí faoi na táillí abhcóide go léir, táillí ina measc ar obair a rinneadh thar ceann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla. Ní áirítear le Fíor 6.2 táillí a bhí amuigh go fóill as obair a rinneadh thar ceann an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

## Cuntasaíocht do dhliteanais táille

**6.8** Déantar cuntasaíocht vóta ar bhonn airgid thirim, a chiallaíonn go n-aithnítear idirbhearta sa chuntas leithreasa i gcaitheamh na tréimhse ina dtiteann siad amach, seachas sa tréimhse lena mbaineann siad. Ceanglaítear, áfach, sna beartais chuntasaíochta chaighdeánacha a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe amach go n-aithnítear aon dliteanais fhabhraithe ag vóta (i.e. dliteanais a tabhaíodh ach nár íocadh go fóill) sa ráiteas ar an staid airgeadais atá ceangailte le cuntas leithreasa an vóta.

**6.9** Tá beartas cuntasaíochta mionathraithe ag OPAS maidir le dliteanais táille abhcóide sa chaoi go bhfabhraíonn sé aon nótaí táille measúnaithe, a bhí amuigh go fóill ag deireadh na bliana, a íoctar faoi dheireadh mhí Feabhra an bhliain dar gcionn. Luaigh OPAS go ngabhann an cur chuige seo siar a fhad le 2004, nuair a d'aistrigh an Roinn Airgeadais feidhm na gcuntas chuig feidhm intí arís dá cuid. Ba é an méid a fabhraíodh i gcuntas 2019 €2.65 milliún (2018: €2.61 milliún). Go praiticiúil, déanann seo an leibhéal dliteanas ag an dáta tuairiscithe a ghanniontráil go substainteach. Nochtar i nóta breise leis an gcuntas (nóta 2.11), áfach, luach comhiomlán na nótaí táille ar láimh ag deireadh na bliana nach n-aithnítear mar dhliteanais fhabhraithe.

## Prionsabal um dhliteanais aibithe a íoc

**6.10** Bítear ag súil leis go mbainistíonn ranna agus oifigí rialtais a n-oibríochtaí laistigh den leibhéal cistithe ar vótáil Dáil Éireann dóibh. Más gá airgead a chaitheamh atá i bhfad níos airde ná an leithdháileadh faofa, is gá iarratas a dhéanamh ar 'meastachán forlíontach'. Ní sháraítear an leibhéal cistithe a cheadaítear do sheirbhís i mbliain ar leith — ar a dtugtar 'vóta breise' — ach go han-annamh. Nuair a thagann vóta breise aníos, caithfear mínithe prasa a sholáthar don Choiste um Chuntais Phoiblí i ndiaidh do na cuntais leithreasa a bheith foilsithe, agus caithfidh Dáil Éireann vóta breise speisialta a reáchtáil chun an caitheamh breise a cheadú.

**6.11** Rialú tábhachtach ar chaiteachas cistí is ea go n-íoctar dliteanais atá le híoc go pras agus nach gceadaítear carnadh agus tabhairt anonn na ndliteanas ó thréimhse chuntasaíochta amháin go dtí an chéad cheann eile. Déantar an breithniú seo anuas ar bhreithniú na cothroime do sholáthraithe, atá i dteideal íocaíocht a fháil go pras nuair a sholáthair siad seirbhísí (nó earraí) riachtanacha ar chaighdeán cuí.

**6.12** Measann rialacha cuntasaíochta vóta go bhfuil dliteanais 'aibí', agus iníoctha, ar an ábhar sin, nuair a soláthraíodh seirbhísí (nó earraí), agus nuair a rinneadh an t-éileamh ar íocaíocht i gceart.[1] Nuair a shásaítear na coinníollacha seo, ba cheart tús a chur le nósanna imeachta íocaíochta, fiú nuair is baol vóta breise a thabhú.

## Tuairimí Oifigeach Cuntasaíochta OPAS

**6.13** Tá méadú suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar chastacht na hoibre a láimhseáil OPAS, i limistéir ar nós dlíthíocht tráchtála agus obair idirbhheartaíochta, obair sholáthair, agus obair chomhairleach agus dhlíthíochta a eascraíonn ónár mballraíocht den Aontas Eorpach agus treoracha a chur i bhfeidhm i limistéir ar nós dlí comhshaoil, pleanála, dlí fostaíochta agus dlí leasa shóisialaigh.

**6.14** Tá dlíthíocht ag éirí níos dúshlánaí agus níos casta i gcónaí agus gearánaithe ag dul chun dlí le haghaidh faoiseamh iolrach nó malartach. Tá méadú ag teacht ar a mhinice a cheistítear feidhmiú chumhacht an Stáit agus noirm bhunreachtúla le dlíthíocht.

1 *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Ciorclán 32/95 na Roinne Airgeadais *Íocaíochtaí (Dliteanais Aibithe).*

**6.15** Mar thoradh air sin, gné d'íocaíochtaí a rinneadh le blianta beaga anuas is ea an méadú ar íocaíochtaí ag barr an réimse táillí — iarmhairt dhíreach ar an méadú ar chastacht. Is ionann an t-iomlán rollach dhá mhí dhéag de nótaí táille a fuarthas agus go mór de bhreis ar €20 milliún.

**6.16** Cuireadh tús le cruinnithe leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun plé a dhéanamh ar tháillí abhcóide a íoc i Samhain 2018 agus leanadh ar aghaidh leis trí 2019. Socraíodh na cruinnithe tosaigh chun go dtabharfadh OPAS faisnéis don Roinn ar oibriú phróiseas na dtáillí abhcóide, chun tuiscint a chur chun cinn ar na dúshláin a bhíonn i gceist nuair a bhíonn an buiséad táillí abhcóide á bhainistiú, agus chun plé a dhéanamh ar aon saincheisteanna leanúnacha. Tá cruinnithe sceidealaithe don bhliain 2020 a thitfidh amach ag deireadh gach ráithe.[1] Áirítear leis an gclár oibre do na cruinnithe ceisteanna leanúnacha lena mbaineann comhspéis a bhaineann le táillí abhcóide.

**6.17** Mar gheall ar chineál íocaíocht an chomhaontaithe leis an gComhairle Bharra, déanfar leibhéal éigin de tháillí a thabhairt anonn i gcónaí ag deireadh na bliana. Is éagsúil a bheidh méid agus luach na dtáillí siúd ó bhliain go bliain, ag brath ar fháltais sa ráithe dheireanach. Ba é cuid den réasúnaíocht a lorgaíodh meastachán forlíontach in 2019 ná a chur ar chumas OPAS íoc as na táillí go léir gan íoc a bhí le 'dlite' le híoc i rith na bliana sin, agus chuirfeadh seo ar chumas OPAS íocaíochtaí atá dlite thar téarma a thabhairt chun rialtachta agus nótaí táille reatha a íoc de réir an sceidil íocaíochta lenar comhaontaíodh. Ba é an figiúr iomlán a measadh chun seo a bhaint amach go déanach in 2019 thart ar €7.69 milliún. Ba é an méid a d'fhaomh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar deireadh agus a cheadaigh an tOireachtas €5 milliún.[2]

**6.18** D'éirigh linn méid na nótaí táille atá 'dlite thar téarma' a laghdú trí amlínte a thabhairt isteach do gach céim de phróiseáil na nótaí táille agus acmhainní breise a sholáthar sa limistéar. Íoctar go leor nótaí táille, dar ndóigh, i bhfad níos luaithe ná 'an dáta dlite', de réir an sceidil íocaíochta lenar comhaontaíodh. Cé gurb é an cuspóir níos fadtéarmaí go n-aistreofar chuig próiseáil 'fíor-ama'— próiseas óna dteastódh athrú mór ar an gcóras reatha ina bpróiseáiltear nóta táille — is é an cuspóir is práinní pointe a bhaint amach nach mbeidh aon nóta táille ar láimh le próiseáil a faighte ag an Oifig níos luaithe ná an ráithe dheireanach. Próiseáil 'fíor-ama' a bheadh i gceist leis seo, go héifeachtach, de réir an sceidil íocaíochta lenar comhaontaíodh.

**6.19** Cé go bhfuil súil leis an pointe seo a bhaint amach i rith 2020, ní mór dúinn a thabhairt le fios, mar gheall go mbraitheann an tseirbhís a sholáthraíonn an Oifig seo ar éileamh, anuas ar chineál dothuartha mhéid agus uainiú na hoibre, agus mar gheall ar nótaí táille a fhaightear dá bharr a bhaineann leis an obair sin, nach féidir a chinntiú go mbeidh cistí dóthanacha ag an Oifig, in aon bhliain ar leith, chun íoc as gach táille atá dlite le híoc in am — i bhfriotal eile, chun an fhoirm seo de phróiseáil agus d'íocaíocht fíor-ama a choinneáil ar bun go buan.

**6.20** Tá OPAS ag oibriú chun cur le bearta reatha atá dírithe ar chaiteachas a laghdú i limistéar na dtáillí abhcóide, agus a chinntiú i gcomhthráth nach n-imrítear drochthionchar ar chaighdeán na seirbhíse dlí a chuirtear ar fáil. Ag oibriú i gcomhar le hOifig an Ard-Aighne, tá bearta OPAS dírithe ar na limistéir siúd ina gcaitear níos mó airgid thar ceann cliant, go háirithe maidir le ceisteanna conspóideacha, agus áirítear leo cur le próisis luath-idirchaidrimh le cliaint reatha agus le próisis leanúnacha bhainistíochta cáis, ag féachaint le caitheamh ar abhcóide a laghdú, sa chás gur féidir.

1 Luaigh an Roinn gur chuir sí tús le cruinnithe in 2020 de bhun an mheastacháin fhorlíontaigh a ceadaíodh don bhliain 2019 agus é mar phríomhchuspóir athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha a mhol an Príomh-Aturnae Stáit chun caiteachas ar na táillí, a ghearrtar ar an bhfo-cheannteideal abhcóide, a bhainistiú agus a rialú ar aon dul le leithdháiltí vótáilte.

2 Luaigh an Roinn, anuas air sin, gur cheadaigh sí vírmint €737,277 ar bhonn eisceachtúil chun dliteanais charntha de tháillí abhcóide a sheach-chur tuilleadh.

**6.21** Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe méadú €1.5 milliún ar an meastachán do na táillí a ghearrtar ar an bhfo-cheannteideal abhcóide don bhliain 2020, agus is ionann an soláthar iomlán don bhliain seo, nuair a chuirtear sin san áireamh, agus €15 milliún. Déanfaidh OPAS gach iarracht gan an leithdháileadh seo a shárú. Leanann an chaoi go mbraitheann an tseirbhís a sholáthraíonn an Oifig ar éileamh, áfach, agus mar gheall ar chineál dothuartha mhéid agus uainiú a hoibre, le tionchar seasmhach a imirt ar an gcuspóir seo.

## Conclúidí agus moltaí

**6.22** Prionsabal tábhachtach é íoc go pras as seirbhísí agus earraí a soláthraíodh maidir lena chinntiú go ndéantar caiteachas vótáilte a thuairisciú agus a rialú i gceart. Tugann na dliteanais fhabhraithe táille abhcóide a carnadh de réir a chéile agus an méadú ar chéatadán na dtáillí atá dlite thar téarma le fios nach bhfuil seirbhísí abhcóide a ndearna OPAS a chonrú dóibh á n-íoc nó á n-aithint sa chuntas leithreasa do Vóta 6 ar bhealach tráthúil. Is éard a bhíonn mar thoradh air seo ná easpa trédhearcachta faoi cé mhéid atá á chaitheamh ar na seirbhísí abhcóide gach bliain.

**6.23** Léirítear sprioc phróiseála íocaíochta i dtaobh tréimhse ar leith ama, de ghnáth, ón dáta a fhaightear éileamh ar íocaíocht, e.g. laistigh de 30 lá, laistigh de 60 lá, etc. Gheall OPAS, go héifeachtach, chun íocaíochtaí táille abhcóide a dhéanamh laistigh de 90-180 lá i ndiaidh éileamh íocaíochta a fháil. Tá ag teip ar OPAS, áfach, i sciar suntasach cásanna (a thomhaistear de réir luach íocaíochtaí), cloí leis na téarmaí creidmheasa atá i gceist.

**6.24** Déanann OPAS fabhrú sa ráiteas ar an staid airgeadais le haghaidh dhliteanais na dtáillí abhcóide a íocadh sa chéad dá mhí i ndiaidh dheireadh thréimhse an chuntais. Gníomh gan bhunús is ea seo.

### Moladh 6.1

Ba cheart do OPAS fabhrú a dhéanamh do luach na nótaí táille go léir a fhaightear agus nár íocadh astu go fóill, agus coigeartú a dhéanamh don mharcáil anuas a dhéantar ar na nótaí táille bunaithe ar rátaí stairiúla marcála anuas. Cé gur gá meastachán áirithe a dhéanamh sa chás seo, b'fhearr a thabharfadh an méid a léirítear sa ráiteas ar an staid airgeadais fíor-luach an dliteanais fhabhraithe le fios.

**Freagairt an Oifigigh Chuntasaíochta**

Comhaontaítear.

I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an gceist, tugaimid faoi deara, mar gheall gur féidir leis an marcáil anuas a bhaineann le táillí abhcóide bheith an-éagsúil, ní féidir fíor-luach dhliteanais fhabhraithe na dtáillí abhcóide a dheimhniú gan stró, agus ar an ábhar sin, cuirfidh an Oifig luach na nótaí táille go léir san áireamh ag deireadh na bliana a rinneadh a choigeartú trí mharcáil anuas mheasta.

**6.25** Ceanglaítear in *Nósanna Imeachta Airgeadais Poiblí* ar ranna agus oifigí monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar a gcaiteachas laistigh de na leithdháiltí a d'fhaomh Dáil Éireann. D'ainneoin an leibhéil íocaíochta táillí abhcóide ag OPAS ar cuireadh dlús leis in 2019 a d'éascaigh meastachán substainteach forlíontach, tá méadú tagtha ar an dliteanas maidir le táillí abhcóide ag deireadh na bliana agus is ionann agus sciar measartha mór é den tsuim a sholáthraítear sa mheastachán bliantúil. Is ionann seo, go héifeachtach, agus an chéad mhuirear substainteach ar sholáthar na bliana ina dhiaidh sin agus cuireann sé leis an mbaol go lorgóidh OPAS meastacháin bhreise fhorlíontacha nó go dtabhófar vóta breise.